**Ceacht a Dó Dhéag** **Ag Déanamh Tuilleadh Rudaí** **Abairtí**

**Lesson Twelve** **Doing More Things** **Phrases**

| **Gaeilge** | **Béarla** |
|---|---|
| 1. Cad atá tú **ag déanamh**? | What are you **doing**? |
| 2. Cad atá na páistí **ag déanamh**? | What are the children **doing**? |
| 3. Cad a bhí tú **ag déanamh**? | What were you **doing**? |

| | |
|---|---|
| 4. Tá Tadhg **ag siúl**. | Tim is **walking**. |
| 5. Tá Liam agus Cáit **ag rince**. | Liam and Kate are **dancing**. |
| 6. An bhfuil na buachaillí **ag troid**? | Are the boys **fighting**? |
| 7. Níl mé **ag scipeáil**. | I’m not **skipping**. |

| | |
|---|---|
| 8. Tá na páistí **ag imirt** cluiche. | The children are **playing** a game. |
| 9. Tá an cailín **ag dreapadh** an chrainn. | The girl is **climbing** the tree. |
| 10. Tá Seán **ag tógáil** briosca. | John’s **taking** a cookie. |
| 11. Tá na páistí **ag déanamh miongháire**. | The children are **smiling**. |
| 12. Tá an buachaill **ag scríobh** litreach. | The boy is **writing** a letter. |
| 13. Tá sé **ag caitheamh** na liathróide. | He’s **throwing** the ball. |
| 14. An bhfuil sé **ag ól** líomanáide? | Is he **drinking** lemonade? |
| 15. Tá sé **ag ní** é féin. | He’s **washing** himself. |

| | |
|---|---|
| 16. Tá an fear **ag breathnú** ar an teilifís. | The man is **watching** the television. |
| 17. Tá sí **ag breith** ar an liathróid. | She’s **catching** the ball. |
| 18. Tá Peadar **ag feitheamh** liom. | Peter’s **waiting** for me. |
| 19. Tá mé **ag éisteacht** leis an raidió. | I’m listening to the radio. |
| 20. Tá sé **ag labhairt** leis an gcailín. | He’s **talking** with the girl. |
| 21. Tá na páistí **ag gáire** faoin madra. | The children are **laughing** at the dog. |

| | |
|---|---|
| 22. Is maith liom **a bheith ag léamh**. | I like **to read**. |
| 23. Is breá liom brioscaí **a ithe**. | I love **to eat** cookies. |
| 24. Is fearr liom **a bheith ag imirt** peile. | I’d rather **be playing** [Gaelic] football. |
| 25. Ar mhaith leat dinnéar **a ithe**? | Would you like **to eat** dinner? |
| 26. Ba mhaith liom é **a ithe** anois díreach. | I’d like **to eat** it right now. |
| 27. Níor mhaith liom é **a ithe** go fóill. | I wouldn’t like **to eat** it yet. |
| 28. B’fhearr liom **a bheith ag rince**. | I’d rather **be dancing**. |

| | |
|---|---|
| 29. Tá Tomás **ina chodladh**. | Tom’s **sleeping**. |
| 30. Níl Máire **ina codladh** go fóill. | Mary’s not **sleeping** yet. |
| 31. An bhfuil tú **i do chodladh**, a Mháire? | Are you **asleep**, Mary? |
| 32. Níl. Níl mé **i mo chodladh** go fóill. | No. I’m not **sleeping** yet. |
| 33. Tá mé **i mo luí**. | I’m **lying down**. |
| 34. Tá mé **i mo shuí**. | I’m **sitting** (or **awake**). |
| 35. Tá mé **i mo sheasamh**. | I’m **standing**. |
| 36. Tá mé **i bhfolach**. | I’m **hiding**. |

**Ceacht a Dó Dhéag** **Ag Déanamh Tuilleadh Rudaí** **Comhráite**
**Lesson Twelve** **Doing More Things** **Conversations**

| **Comhrá 1** | **Conversation 1** |
|---|---|
| S: Dia duit, a Mháire. | Hi Mary. |
| M: Dia 's Muire duit, a Shéamais. | Hi, Jim. |
| S: Cén chaoi a bhfuil tú? | How are you? |
| M: Tá tuirse orm. | I'm tired. |
| S: Cad a bhí tú ag déanamh inniu? | What were you doing today? |
| M: Bhí mé ag léamh leabhair agus ag scríobh. | I was reading a book and writing. |

| **Comhrá 2** | **Conversation 2** |
|---|---|
| A: Cá bhfuil na páistí anois? | Where are the children now? |
| B: Bhí siad ag imirt peile sa pháirc. | They were playing football in the park. |
| A: An bhfuil siad ag imirt go fóill? | Are they still playing? |
| B: Níl. Tá siad ag troid anois. | No. They're fighting now. |
| A: Féach! Tá Seáinín bocht ag caoineadh. | Look! Poor Johnny's crying. |
| B: Agus tá na buachaillí eile ag rith abhaile. | And the other boys are running home. |

| **Comhrá 3** | **Conversation 3** |
|---|---|
| A: An maith leat a bheith ag imirt peile? | Do you like to play football? |
| B: Ní maith. Is fearr liom leadóg a imirt. | No. I prefer to play tennis. |
| A: Ar mhaith leat cluiche leadóige a imirt liomsa? | Would you like to play a game of tennis with me? |
| B: Ba mhaith. Go raibh maith agat. | Yes. Thanks. |
| A: Beidh mé ag feitheamh leat anseo. | I'll be waiting for you here. |
| B: Ní bheidh tú ag feitheamh i bhfad. | You won't be waiting long. |

| **Comhrá 4** | **Conversation 4** |
|---|---|
| A: An raibh tú i do shuí go luath? | Were you awake early? |
| B: Ní raibh. | No. |
| D'fhan mé i mo chodladh go déanach. | I stayed asleep until late. |
| A: An raibh tú ag rince aréir? | Were you dancing last night? |
| B: Ní raibh. Bhí mé ag scríobh litreach. | No. I was writing a letter. |
| A: Bhí mé féin ag breathnú ar an teilifís. | I myself was watching television. |
| B: B'fhearr liomsa litir a scríobh. | I'd rather write a letter. |